# Cuntas Leithreasa 2024

## Vóta 24

## Dlí agus Ceart

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 24, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024 ar thuarastail agus speansais Oifig an Aire Dlí agus Cirt, fhoireann na Seirbhíse Promhaidh agus seirbhísí áirithe eile, lena n-áirítear íocaíochtaí faoi scéimeanna airgeadteoranta a riarann an Oifig sin, agus ar dheontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2024, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €21.569 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin i gciorclán 20 de 2024, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, lena n-áirítear úsáid a bhaint as roinnt Caighdeán Cuntasaíochta Rialtais Láir (CGASanna) a tugadh in éifeacht ón 1 Eanáir 2024 i leith, ach amháin sna cásanna seo a leanas.

Chun aistriú an chuntais leithreasa chuig Caighdeáin Chuntasaíochta an Rialtais Láir a éascú, fuair an Roinn maoluithe i leith na gcaighdeán seo a leanas.

***CGAS 17 - Réadmhaoin, Fearas, agus Trealamh***

Cé gur athluacháladh réadmhaoin, níor taifeadadh an tsuim athluacháilte sa chuntas go fóill.

Níl foirgneamh amháin a tháinig in úsáid á dhímheas i gcomhréir le CGAS 17. Is ionann an foirgneamh sin agus sócmhainn foirgníochta atá á tógáil, agus níor caipitlíodh é.

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar luachálacha sa bhliain 2024, sainaithníodh nár taifeadadh cúig fhoirgneamh a bhí in úsáid ar an gclár sócmhainní ar aon dul le CGAS 17 Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh. Tar éis úinéireacht na gcúig fhoirgneamh a dheimhniú, cuirfear leis an gclár iad sa bhliain 2025.

Mar thoradh ar an aistriú beartaithe chuig córas bainistíochta airgeadais na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte sa bhliain 2026, tairbheoidh an Roinn de chóras cuntasaíochta níos sofaisticiúla le haghaidh sócmhainní seasta a thaifeadadh go cruinn.

***CGAS 19 - Forálacha, Dliteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha***

D'iarr an Roinn an maolú seo ar an mbonn go mbeadh breithniú agus comhoibriú suntasach sa bhreis ó gheallsealbhóirí ar fud na Roinne ag teastáil chun a chinneadh an mbeadh aon ghá ann le soláthairtí a aithint. Díreoidh an Roinn ar shainaithint a dhéanamh ar aon imthosca inar cheart soláthairtí a aithint, ar conas ba cheart iad a thomhas, agus ar na nochtaí ba cheart a dhéanamh ina leith.

***Dímheas ar shócmhainní caipitil***

Déantar dímheas ar réadmhaoin, gléasra agus trealamh agus amúchadh sócmhainní doláimhsithe a ríomh agus a mhuirearú i gcomhréir le CGAS 17 agus le CGAS 31 faoi seach.

Is mar a leanas atá na saolréanna úsáideacha agus na rátaí gaolmhara dímheasa/amúchta a bhaineann le haicmí móra sócmhainní.

| *Aicme sócmhainní* | *Saolré úsáideach* | *Ráta dímheasa/amúchta* |
|---|---|---|
| Réadmhaoin | 50 bliain | 2% |
| Trealamh | 5 bliana | 20% |
| Troscán agus feistis | 10 mbliana | 10% |
| Ceadúnais bogearraí | 5 bliana | 20% |
| Bogearraí forbartha | 10 mbliana | 10% |

## Ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht sin a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní fhéadfaidh aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí in am trátha iad.

Is próiseas leanúnach é córas na rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí i ndáil le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhísí idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe cuí i bhfeidhm agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Tá timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.

- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i ndáil leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Tá creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú tráthrialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta.

- Tá córas buiséadaithe cuí ann lena ngabhann buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta.
- Déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe tráthrialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamh-mheastachán.
- Feidhmíonn córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Tá treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil chomh maith le disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

***Iniúchóireacht inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, ar feidhm í a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá ceadaithe agam. Treoraíonn anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh a cuid oibre agus bíonn a pleananna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla, a bhíonn á gceadú agamsa i gcomhpháirt leis an gCoiste Iniúchóireachta, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach ama.

Déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Is deimhin liom go bhfuil na nósanna imeachta sin i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Soláthar***

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go bhfuil béim chuí ann ar an dea-chleachtas soláthair agus na conarthaí uile á ndámhachtain agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonfar na treoirlínte ábhartha uile. B'ionann an caiteachas ar earraí agus ar sheirbhísí gairmiúla agus conraithe eile agus €413.089 milliún san iomlán sa bhliain 2024.

Thug an Roinn mionsonraí faoi 49 gconradh neamhiomaíocha de bhreis ar €25,000 sa tuairisceán bliantúil i dtaca le ciorclán 40/2002 chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

*Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair*

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte ach amháin i gcás 21 chonradh de bhreis ar €25,000 (gan CBL a áireamh) dar luach iomlán €5,113,387 (gan CBL a áireamh), mar atá leagtha amach thíos.

- Dámhadh deich gconradh dar luach comhcheangailte €1,089,076 le haghaidh soláthar seirbhísí faoi phróisis iomaíocha roimhe sin, ach fadaíodh iad le linn socruithe athbhreithnithe a bheith á gcur i bhfeidhm. Tá conarthaí comhlíontacha i bhfeidhm le haghaidh na seirbhísí sin anois.
- Fadaíodh deich gconradh dar luach €3,936,707 le haghaidh soláthar seirbhísí ar feitheamh próisis reatha tairisceana a chur i gcrích nó ar feitheamh na hullmhúcháin riachtanacha a dhéanamh chun leas a bhaint as socruithe a bhí i bhfeidhm cheana féin nó chun dul i dteagmháil leis an margadh a luaithe ab fhéidir.
- Ba chonradh dír-dhámhachtana é conradh amháin dar luach €87,604 le haghaidh soláthar seirbhísí, agus é ceaptha chun freastal ar an éileamh méadaithe ar sheirbhísí riachtanacha aistriúcháin a d’eascair as an méadú suntasach ar an líon iarratas ar chosaint idirnáisiúnta.

Cuireadh na conarthaí thuas ar áireamh sa tuairisceán bliantúil faoi chiorclán 40/2002 dá dtagraítear thuas. Neartaigh an Roinn a cuid struchtúr agus acmhainní soláthair chun tacaíocht agus treoir soláthair a thabhairt ar fud na heagraíochta. Is é an aidhm atá leis sin comhlíonadh a fheabhsú agus tacú le haonaid ghnó na cuspóirí gnó atá acu a bhaint amach. Lean an Roinn le hobair i dtreo cásanna neamhchomhlíonta a réiteach ar fud na bliana 2024.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar phríomhrioscaí agus ar na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, a oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí a bhíonn roimh an Roinn agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a shuntasaí atá siad. Déanann an Coiste Riosca agus an Bord Bainistíochta araon an clár rioscaí a athbhreithniú ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainisteofar rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun maolú a dhéanamh ar rioscaí agus an fhreagracht a leagtar ar bhaill foirne shonracha as rialuithe a oibriú.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl go tráthúil dóibh sin atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don leibhéal bainistíochta cuí, nuair is ábhartha. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Tá nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Bíonn faireachán agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais***

*Cibearshlándáil*

Bhunaigh an Roinn Clár Cibear-Athléimneachta sa bhliain 2022 chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais slándála faisnéise i ndáil le rúndacht, ionracas agus infhaighteacht agus chun leanúint le gníomhaíochtaí gnó mar is gnách. Feidhmíonn an Roinn tacar cuimsitheach beart cosanta imlíní agus inmheánaí ar mhaithe lena cuid córas a chosaint faoin gclár sin, lenar soláthraíodh oibreacha slándála straitéisí agus oibríochtúla cheana féin, mar aon le clár atá ceaptha chun feasacht úsáideoirí a mhéadú sa spás seo.

*Straitéis TFC*

Déanann an Príomhoifigeach Faisnéise formhaoirseacht ar chur chun feidhme na Straitéise um Bainistiú Teicneolaíochta Faisnéise 2021-2024, rud lena dtacaítear agus lena gcabhraítear leis an Roinn na spriocanna agus na cuspóirí atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise agus sa Phlean Dlí agus Cirt a ghabhann leis a chomhlíonadh.

Is é príomhaidhm na Straitéise um Bainistiú Teicneolaíochta Faisnéise feabhas a chur ar an dóigh a soláthraítear seirbhísí digiteacha atá nua-aimseartha agus slán don Roinn agus do na Gníomhaireachtaí ar bhonn seirbhísí comhroinnte tríd an digitiú.

Baintear é sin amach trí na nithe seo a leanas a dhéanamh

- obair i gcomhar lenár gcuid comhghleacaithe sa Roinn agus ar fud na hearnála Dlí agus Cirt ar mhaithe le próisis ghnó a thuiscint agus ar mhaithe le córais a dhearadh a bheidh dírithe go príomha ar ár gcuid úsáideoirí agus custaiméirí
- cur chun feidhme athruithe a bhainistiú trínár gcreat bainistíochta athruithe, rud ar a dtugtar DRIVE
- ardáin agus uirlisí a roghnú agus a áirithiú chun tacú ar an mbealach is fearr le soláthar digiteach seirbhísí
- obair i ndlúthchomhar lenár gcuid comhghleacaithe in Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais, sa Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus san Oifig um Sholáthar Rialtais chun ailíniú a chinntiú le treoir agus straitéisí a fhoilsítear ar bhonn lárnach.

Bunaíodh príomhthionscadail agus príomhchláir chun cuspóirí na straitéise a chur chun feidhme, lena n-áirítear iad seo a leanas

- Clár Cibear-Athléimneachta
- Clár um Ascnamh chuig Lotus Notes
- Clár Microsoft Power Apps
- Clár um an Oifig um Chosaint Idirnáisiúnta a Nuachóiriú
- Clár um Sheachadadh Seirbhíse Inimirce a Nuachóiriú.

Tugadh na saincheisteanna seo a leanas maidir le rialú inmheánach airgeadais faoi deara sa bhliain 2024

*Saincheist maidir le híocaíochtaí le soláthraithe*

Rinne an Roinn ró-íocaíochtaí dar luach iomlán €264,324 le soláthraithe sa bhliain 2024. Aisíocadh an t-airgead ar fad leis an Roinn ina dhiaidh sin.

- Rinneadh cúig íocaíocht dar luach iomlán €134,969 leis an soláthraí mícheart.
- Rinneadh ceithre íocaíocht dhúblacha dar luach iomlán €116,646 le soláthraithe de bhotún.
- Rinneadh ró-íocaíocht dar luach €12,708 i leith aon sonrasc amháin.

*Maoiniú deontais*

Rinneadh ró-íocaíochtaí dar luach iomlán €147,086 le trí eagraíocht atá á maoiniú ag an Roinn sa bhliain 2024. Aisíocadh an t-airgead ar fad leis an Roinn ina dhiaidh sin.

Athbhreithníodh na nósanna imeachta a bhaineann leis na híocaíochtaí sin agus leasaíodh na rialuithe iomchuí chun an baol go dtarlódh siad choíche arís a íoslaghdú.

Níor sainaithníodh aon laigí eile ar rialú inmheánach airgeadais i ndáil leis an mbliain 2024 ar gá iad a nochtadh sa chuntas leithreasa.

**Oonagh McPhillips**
Oifigeach Cuntasaíochta
Dlí agus Ceart

10 Meán Fómhair 2025

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

### Vóta 24 Dlí agus Ceart
### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 24 Dlí agus Ceart don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 24 Dlí agus Ceart don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

***An bonn leis an tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Roinn Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

***Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair***

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais go raibh leibhéal ábhartha neamhchomhlíontachta leis na rialacha soláthair i leith conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2024.

***Mol Oibríochtúil um Cheartas Coiriúil***

Fiosraítear i gCaibidil 9 de mo *Thuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* do 2024 an dul chun cinn atá déanta i bhforbairt an Mhoil Oibríochtúil um Cheartas Coiriúil agus na dtionscadal aonair lena mbaineann..

**Seamus Mac Cárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

19 Meán Fómhair 2025

## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

### *Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta*

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin
- rialtacht na n idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

### *Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste*

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d’Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d’iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainaithním na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo tuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeidh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúchóireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m’iniúchta.

**Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar ar leanúint)**

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

***Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais***

Le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

***Tuairisciú ar ábhair eile***

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithním aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

# Vóta 24 Dlí agus Ceart

## Cuntas Leithreasa 2024

| | | | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas an chláir** | | | | | |
| A | An colún ceartais choiriúil | | | | |
| | *Bunaidh* | 390,381 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 1,400 | | | |
| | *Forlíontach* | 17,520 | | | |
| | | | 409,301 | 404,013 | 337,470 |
| B | An colún ceartais shibhialta | | | | |
| | *Bunaidh* | 226,476 | | | |
| | *Forlíontach* | 29,480 | | | |
| | | | 255,956 | 256,905 | 213,691 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 616,857 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 1,400 | | | |
| | *Forlíontach* | 47,000 | | | |
| | | | **665,257** | **660,918** | **551,161** |
| *Lúide* | | | | | |
| C | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | | |
| | *Bunaidh* | 93,796 | | | |
| | *Forlíontach* | 44,000 | | | |
| | | | **137,796** | **155,026** | **129,913** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 523,061 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 1,400 | | | |
| | *Forlíontach* | 3,000 | | | |
| | | | **527,461** | **505,892** | **421,248** |

**Barrachas**

Dlitear barrachas na suime a soláthraíodh, os cionn na glansuime a feidhmíodh, a ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, féadfar gach cuid nó aon chuid d'aon leithreasaí neamhchaite le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt anonn lena caitheamh sa bhliain dár gcionn.

| | **2024** | **2023** |
|---|---:|---:|
| | **€** | **€** |
| Barrachas | 21,569,324 | 31,475,594 |
| Géilleadh iarchurtha | — | (1,400,000) |
| **Barrachas le géilleadh** | **21,569,324** | **30,075,594** |

**Oonagh McPhillips**
Oifigeach Cuntasaíochta
Dlí agus Ceart

10 Meán Fómhair 2025

## Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2024

| | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas an chláir | | 453,505 | 372,734 |
| Pá | | 121,516 | 102,702 |
| Neamhphá | | 85,897 | 75,725 |
| **Ollchaiteachas** | | **660,918** | **551,161** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **155,026** | **129,913** |
| **Glanchaiteachas** | | **505,892** | **421,248** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| ***Réadmhaoin, gléasra agus trealamh (nóta 2.1)*** | | | |
| Ceannacháin | (2,562) | | |
| Dímheas | 3,747 | | |
| Diúscairtí - airgead tirim | 15 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 17 | | |
| ***Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)*** | | | |
| Ceannacháin | (208) | | |
| Amúchadh | 3,478 | | |
| | | 4,487 | (5,810) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhardail | 355 | | |
| Laghdú ar réamhíocaíochtaí | 4,980 | | |
| Méadú ar ioncam fabhraithe | (1,056) | | |
| Méadú ar speansais fhabhraithe | 32,253 | | |
| Méadú ar ioncam iarchurtha | 5,692 | | |
| | | 42,224 | 16,395 |
| **Caiteachas díreach** | | **552,603** | **431,833** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 70,195 | 61,966 |
| Measchíosanna | | 5,122 | 5,122 |
| **Glanchostas an chláir** | | **627,920** | **498,921** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 24 a iompraíodh in áit eile.

| | | **2024** | **2023** |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 335 | 400 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 61,355 | 54,894 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 12,636 | 10,997 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 321 | 292 |
| Vóta 20 | An Garda Síochána | 265 | 236 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais | 349 | 409 |
| An Príomh-Chiste - pinsin Airí | | 167 | 167 |
| Costas na seirbhísí comhroinnte a soláthraíodh do Vótaí eile | | (5,233) | (5,429) |
| | | **70,195** | **61,966** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2024

| | Nóta | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 2.1 | 118,727 | 121,564 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 2.2 | 6,416 | 8,066 |
| | | **125,143** | **129,630** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 11,663 | 23,996 |
| Fardail | 2.4 | 1,755 | 2,110 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.5 | 9,021 | 14,001 |
| Ioncam fabhraithe | 2.6 | 1,643 | 587 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.7 | 5,917 | 1,004 |
| | | **29,999** | **41,698** |
| *Lúide* | | | |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.8 | 45,434 | 13,181 |
| Ioncam iarchurtha | 2.9 | 17,572 | 11,880 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.10 | 13,510 | 12,297 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.11 | 4,070 | 12,703 |
| | | **80,586** | **50,061** |
| **Glandliteanais reatha** | | **(50,587)** | **(8,363)** |
| **Glansócmhainní** | | **74,556** | **121,267** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.12 | **74,556** | **121,267** |

## 2.1 Réadmhaoin, gléasra agus trealamh [a]

| | Foirgnimh | Feithiclí agus trealamh | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Sócmhainní atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil [b]** | | | | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2024 | 7,019 | 2,657 | 35,252 | 2,221 | 103,249 | 150,398 |
| Coigeartuithe [c] | — | — | (1,160) | — | (459) | (1,619) |
| Breiseanna | — | 105 | 2,442 | 15 | — | 2,562 |
| Diúscairtí | — | (270) | (527) | (686) | — | (1,483) |
| Ag an 31 Nollaig 2024 | 7,019 | 2,492 | 36,007 | 1,550 | 102,790 | 149,858 |
| **Dímheas carntha** | | | | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2024 | 2,138 | 1,947 | 22,686 | 2,064 | — | 28,835 |
| Dímheas don bhliain | 140 | 245 | 3,330 | 32 | — | 3,747 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (270) | (525) | (656) | — | (1,451) |
| Ag an 31 Nollaig 2024 | 2,278 | 1,922 | 25,491 | 1,440 | — | 31,131 |
| **Glansócmhainní** | | | | | | |
| **Ag an 31 Nollaig 2024** | **4,741** | **570** | **10,516** | **110** | **102,790** | **118,727** |
| Ag an 31 Nollaig 2023 | 4,881 | 710 | 12,567 | 157 | 103,249 | 121,564 |

Nóta

[a] Léirítear sa ráiteas faoi shócmhainní caipitil na sócmhainní don Roinn ar fad, lena n-áirítear roinnt gníomhaireachtaí i Vóta 24 a ullmhaíonn ráitis airgeadais ar leithligh freisin.

[b] Áirítear le costas nó luacháil sócmhainní áirithe a fuarthas ar chostas is lú ná €10,000 roimh an 1 Eanáir 2021

[c] Rinneadh sócmhainní bogearraí faighte agus bogearraí forbartha a athaicmiú mar shócmhainní doláimhsithe le héifeacht ón 1 Eanáir 2024 (nóta 2.2)

## 2.2 Sócmhainní doláimhsithe

| | Bogearraí faighte agus forbartha | Sócmhainní atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil** | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2024 | 86,735 | — | 86,735 |
| Coigeartú/Coigeartuithe | 1,160 | 459 | 1,619 |
| Breiseanna | 142 | 66 | 208 |
| Diúscairtí | (10) | — | (10) |
| Ag an 31 Nollaig 2024 | 88,028 | 525 | 88,553 |
| **Amúchadh carntha** | | | |
| Ag an 1 Eanáir 2024 | 78,669 | — | 78,669 |
| Amúchadh | 3,478 | — | 3,478 |
| Amúchadh ar dhiúscairtí | (10) | — | (10) |
| Ag an 31 Nollaig 2024 | 82,136 | — | 82,136 |
| **Glansócmhainní** | | | |
| **Ag an 31 Nollaig 2024** | **5,891** | **525** | **6,416** |
| Ag an 31 Nollaig 2023 | 8,066 | — | 8,066 |

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna agus airgead tirim ag an bPámháistir Ginearálta | 8,007 | 14,601 |
| Iarmhéideanna cuntais bainc tráchtála | 3,656 | 9,395 |
| | **11,663** | **23,996** |

Nóta [a] Tá 29 n-iarmhéid cuntais bainc tráchtála ann, lena n-áirítear 15 iarmhéid bainc dar luach €2.6 milliún a bhaineann le roinnt gníomhaireachtaí a mhaoinítear le Vóta 24 agus a ullmhaíonn ráitis airgeadais ar leith freisin.

## 2.4 Fardail

| ag an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ábhair inchaite fhóiréinseacha | 1,105 | 1,249 |
| Ábhair inchaite TF | 56 | 115 |
| Ceadanna cónaithe/doiciméid taistil | 520 | 673 |
| Ilghnéitheach | 29 | 19 |
| Trealamh/éadach | 45 | 54 |
| | **1,755** | **2,110** |

## 2.5 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Riarachán na Roinne [a] | 5,802 | 9,612 |
| Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann [b] | 1,572 | 2,829 |
| Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána [a c] | 606 | 674 |
| Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann [a] | 374 | 336 |
| An Biúró um Shócmhainní Coiriúla | 158 | 265 |
| An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine [a c] | 115 | 146 |
| An tÚdarás Slándála Príobháidí [c] | 18 | 67 |
| Fo-mhírchinn eile [a c] | 376 | 72 |
| | **9,021** | **14,001** |

Nóta
[a] Córais TFC a chothabháil agus tacaíocht a thabhairt dóibh, agus ceadúnú
[b] Trealamh a chothabháil
[c] Riarachán eile

## 2.6 Ioncam fabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Táillí i ndáil le clárú inimirce | 388 | — |
| Táillí i ndáil le víosaí | 480 | — |
| Táillí i ndáil leis an Údarás Slándála Príobháidí | — | 200 |
| Ioncam fabhraithe eile | 775 | 387 |
| | **1,643** | **587** |

## 2.7 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Óinchistí | 51 | 53 |
| Caiteachas in-fhorchúitithe ar an scéim pas taistil | 218 | 246 |
| Glacadóireacht an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla | 105 | 235 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 5,543 | 470 |
| | **5,917** | **1,004** |

## 2.8 Speansais fhabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2024<br>€000 | 2023<br>€000 |
|---|---|---|
| Scéimeanna um chúnamh dlíthiúil coiriúil | 12,511 | 5,634 |
| Cúiteamh i leith díobhálacha pearsanta – coiriúil | 3,766 | 669 |
| Seirbhísí oibriúcháin, soláthairtí agus trealamh ilghnéitheach | 3,245 | 2,210 |
| Infheistíocht chaipitil dhigitigh agus costais TF | 2,932 | 854 |
| Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann | 1,461 | 267 |
| An tSeirbhís Cróinéara | 1,424 | 1,173 |
| Costais áitribh oifige | 448 | 218 |
| An Biúró um Shócmhainní Coiriúla | 146 | 149 |
| Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 55 | 15 |
| Coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta | 3 | 1,341 |
| Fo-mhírchinn eile | 4,698 | 651 |
| Pá saoire (nóta 2.17) | 8,954 | — |
| Párolla (nóta 2.17) | 5,791 | — |
| | **45,434** | **13,181** |

Sa bhliain 2024, tháinig athrú ar an dóigh a dtuairiscítear agus a n-anailísítear fo-mhírchinn chaiteachais riaracháin trí na fo-mhírchinn a atheagrú. Athaicmíodh na figiúirí comparáideacha don bhliain 2023 sa tábla thuas chun iad a ailíniú leis na fo-mhírchinn nua.

## 2.9 Ioncam iarchurtha

| ag an 31 Nollaig | 2024<br>€000 | 2023<br>€000 |
|---|---|---|
| Táillí i ndáil le clárú inimirce | 3,126 | 4,925 |
| Táillí i ndáil le deimhnithe náisiúntachta agus saoránachta | 14,136 | 5,976 |
| Táillí i ndáil le víosaí | 195 | 741 |
| Táillí i ndáil le cinsireacht scannán | 114 | 234 |
| Táillí i ndáil le Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann | 1 | 3 |
| Fáltais ilghnéitheacha | — | 1 |
| | **17,572** | **11,880** |

## 2.10 Iarmhéideanna sochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2024<br>€000 | 2023<br>€000 |
|---|---|---|
| **Suimeanna atá dlite don stát** | | |
| Cáin ioncaim | 3,093 | 2,768 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 2,176 | 1,806 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 1,699 | 2,971 |
| Cáin bhreisluacha | 199 | 502 |
| Iarmhéideanna i gcuntais roinne | 3,656 | 1,741 |
| | 10,823 | 9,788 |
| **Fionraí** | | |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 730 | 678 |
| Réamhíocaíocht CSE i ndáil le maoiniú tionscadail um chuimsiú sóisialta 2014–2020 | 1,374 | 1,374 |
| Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste | 7 | 37 |
| Réamhíocaíochtaí le hOifig na nOibreacha Poiblí | 371 | 371 |
| Míreanna sochair eile ar fionraí | 205 | 49 |
| | **13,510** | **12,297** |

## 2.11 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2024<br>€000 | 2023<br>€000 |
|---|---|---|
| Barrachas le géilleadh | 21,569 | 30,075 |
| Géilleadh iarchurtha | — | 1,400 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (17,499) | (18,772) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **4,070** | **12,703** |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 11,663 | 23,996 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 5,917 | 1,004 |
| | 17,580 | 25,000 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (10,823) | (9,788) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (2,687) | (2,509) |
| | (13,510) | (12,297) |
| | **4,070** | **12,703** |

## 2.12 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 121,267 | 131,852 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 527,461 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (21,569) | | |
| Glanvóta | | | 505,892 | 421,248 |
| Caiteachas a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 70,195 | 61,966 |
| Míreanna neamhairgid | | | | |
| Measchíos | | | 5,122 | 5,122 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (627,920) | (498,921) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **74,556** | **121,267** |

## 2.13 Ceangaltais

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| **a) Ceangaltais dhomhanda** | **€000** | **€000** |
| ag an 31 Nollaig | | |
| Soláthar earraí agus seirbhísí | 10,148 | 10,431 |
| Tionscadail chaipitil | 276 | 383 |
| **Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí** | **10,424** | **10,814** |

**b) Mórthionscadail chaipitil**

| | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2023 | Caiteachas sa bhliain 2024 | Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin [a] | Caiteachas ionchais iomlán shaolré an tionscadail 2024 | Caiteachas ionchais iomlán shaolré an tionscadail 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann | 102,790 | — | — | 102,790 | 102,790 |

Nóta [a] Tá ceangaltais sa bhliain 2024 agus i mblianta ina dhiaidh sin ag brath ar an idirbheartaíocht atá ar siúl idir an conraitheoir agus Oifig na nOibreacha Poiblí, arb idirbheartaíocht í nach eol faoi láthair an toradh a bheidh uirthi.

## 2.14 Léas oibriúcháin

| | 2024 |
|---|---|
| | €000 |
| Speansas léasa oibriúcháin don bhliain [a] ag an 31 Nollaig | 542 |
| Is iad seo na híocaíochtaí léasa íosta comhiomlána amach anseo faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe | |
| Laistigh de bhliain amháin | 304 |
| Idir 1 bhliain agus 5 bliana | — |
| Níos déanaí ná 5 bliana | — |
| **Iomlán na gceangaltas léasa oibriúcháin neamh-inchealaithe** | **304** |

Nóta [a] Tagann an léas oibriúcháin faoi raon feidhme CGAS 13. Tá an Roinn Dlí agus Cirt freagrach as dhá léas oibriúcháin, a bhaineann leis an tSeirbhís Chróinéara agus leis an tSeirbhís Phromhaidh. Níl aon íocaíochtaí cíosa theagmhasaigh dlite, agus níl aon ioncam foléasa infhaighte

## 2.15 Dliteanais aibithe

Bhí dliteanais aibithe dar luach €36,872 ann nach raibh glanta ag deireadh na bliana 2024.

## 2.16 Dliteanais theagmhasacha

Féach nóta 6.1 maidir le coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta.

## 2.17 Tionchar na n-athruithe i bpolasaithe cuntasaíochta sa bhliain 2024

Cuireadh naoi gcaighdeán cuntasaíochta rialtais láir (CGAS) nua chun feidhme le héifeacht ón 1 Eanáir 2024 i leith. Rinne an cur chun feidhme an difear seo a leanas d'iarmhéid an chuntais maoinithe Stáit.

| | **2024** |
|---|---|
| | **€000** |
| Fabhrú saoire [a] | (8,954) |
| Fabhrú párolla [a] | (5,791) |
| | **(14,745)** |

Nóta [a] CGAS 39A Sochair Fostaithe Cuid A

[b] Níl aon tionchar ag CGAS 13 (nóta 2.14) ar iarmhéid an chuntais maoinithe Stáit

## Nóta 3 Caiteachas an Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Cionroinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos ar fud na gclár uile chun costálacha iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 102,725 | | | |
| | | *Forlíontach* | 8,000 | | | |
| | | | | 110,725 | 115,879 | 97,720 |
| ii | Taisteal agus cothú | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,065 | | | |
| | | *Forlíontach* | (261) | | | |
| | | | | 804 | 1,034 | 986 |
| iii | Oiliúint agus forbairt | | | 1,148 | 1,248 | 1,028 |
| iv | Seirbhísí oibriúcháin, soláthairtí agus trealamh ilghnéitheach | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 20,013 | | | |
| | | *Forlíontach* | 9,781 | | | |
| | | | | 29,794 | 30,043 | 18,612 |
| v | Infheistíocht chaipitil dhigitigh agus costais TF | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 33,764 | | | |
| | | *Forlíontach* | 8,011 | 41,775 | 42,335 | 41,217 |
| vi | Costais áitribh | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 3,405 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,579 | | | |
| | | | | 4,984 | 6,303 | 5,897 |
| vii | Athbhreithnithe ar pholasaithe, seirbhísí comhairleoireachta agus taighde | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,404 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,131) | | | |
| | | | | 273 | 695 | 737 |
| ix | Seirbhísí comhroinnte airgeadais | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 7,378 | | | |
| | | *Forlíontach* | (377) | | | |
| | | | | 7,001 | 7,110 | 7,398 |
| x | Clár bunathraithe ceartais agus póilíneachta | | | 10,000 | 2,766 | 4,832 |
| | | | | **206,504** | **207,413** | **178,427** |

Nóta [a] Sa bhliain 2024, tháinig athrú ar an dóigh a dtuairiscítear agus a n-anailísítear fo-mhírchinn chaiteachais riaracháin trí na fo-mhírchinn a atheagrú. Athaicmíodh na figiúirí comparáideacha don bhliain 2023 chun iad a ailíniú leis na fo-mhírchinn nua.

**Difríochtaí suntasacha**

Cuirtear i láthair sa nóta seo na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000) i gcaiteachas riaracháin

**iv. Seirbhísí oibriúcháin, soláthairtí agus trealamh ilghnéitheach**

*Soláthar meastacháin €20.013 milliún; toradh €30.043 milliún*

Tháinig an caiteachas barrachais €10.030 milliún i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin bunaidh chun cinn mar gheall ar mhéadú ar na seirbhísí ar sholáthair an Oifig um Chosaint Idirnáisiúnta agus Seachadadh Seirbhíse Inimirce iad, agus é ag baint go príomha le táillí aistriúcháin, ateangaireachta agus dlí. Soláthraíodh €9.781 milliún sa bhreis sa bhuiséad forlíontach chun na seirbhísí sin a sholáthar.

**v. Infheistíocht chaipitil dhigitigh agus costais TF**

*Soláthar meastacháin €33.764 milliún; toradh €42.335 milliún*

Tháinig an caiteachas barrachais €8.571 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn go príomha mar gheall ar an nuachóiriú digiteach ar fud na feidhme inimirce, go háirithe an Oifig um Chosaint Idirnáisiúnta a nuachóiriú, agus an tIonad Teagmhála Digiteach. I measc na dtionscadal eile bhí tionscadail um ascnamh chuig Lotus Notes (€4 mhilliún) agus gníomhaíochtaí gaolmhara tacaíochta do na tionscadail sin agus do thionscadail eile TF (€4.57 milliún). Soláthraíodh €8.011 milliún sa bhreis sa bhuiséad forlíontach chun an infheistíocht i dtionscadail TF a éascú.

**vi. Costais áitribh**

*Soláthar meastacháin €3.405 milliún; toradh €6.303 milliún*

Tháinig an caiteachas breis €2.898 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €3.405 milliún chun cinn go príomha mar gheall ar an méadú ar chaiteachas ar fud na gcatagóirí buiséid uile chun tacú le Seachadadh Seirbhíse Inimirce a leathnú. Bhí costais níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis, go háirithe i gcás slándála, mar thoradh ar fhás na hOifige um Chosaint Idirnáisiúnta, lenar áiríodh líon foirne agus cóiríocht oifige sa bhreis. Rud eile a bhí taobh thiar den chaiteachas foriomlán ba ea an méadú ar chaitheamh ar fhuinneamh agus ar throscán oifige de bharr an Oifig um Chosaint Idirnáisiúnta a leathnú chuig láithreacha nua. Soláthraíodh €1.579 milliún sa bhreis sa bhuiséad forlíontach chun cuid den róchaitheamh sin a fhritháireamh.

**vii. Athbhreithnithe ar pholasaithe, seirbhísí comhairleoireachta agus taighde**

*Soláthar meastacháin €1.404 milliún; toradh €695,000*

Tháinig an choigilt €709,000 i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn go príomha mar gheall ar an moill ar roinnt tionscadal taighde a thosú sa bhliain 2024. Laghdaíodh an buiséad sin faoi €1.131 milliún sa bhuiséad forlíontach chun an tearc-chaitheamh a rabhthas ag súil leis a léiriú.

**x. Clár bunathraithe ceartais agus póilíneachta**

*Soláthar meastacháin €10 milliún; toradh €2.766 milliún*

Tháinig an choigilt €7.234 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn go príomha mar gheall ar chaiteachas a bheith níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis, mar thoradh ar an díriú a leagadh ar thosaíochtaí eile. Áiríodh leis na tosaíochtaí sin tionscadail TFC a maoiníodh ó na cláir chaipitil dhigitigh agus infheistíochta digití.

## Clár A An Colún Ceartais Choiriúil

| | | | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 33,260 | | | |
| | | *Forlíontach* | 2,840 | | | |
| | | | | 36,100 | 39,068 | 34,523 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 22,635 | | | |
| | | *Forlíontach* | 5,357 | | | |
| | | | | 27,992 | 28,405 | 26,160 |
| A.3 | Oifig Chigire na bPríosún | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,633 | | | |
| | | *Forlíontach* | (395) | | | |
| | | | | 2,238 | 1,754 | 1,466 |
| A.4 | Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 19,596 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,210) | | | |
| | | | | 18,386 | 17,603 | 16,121 |
| A.5 | Cigireacht an Gharda Síochána | | | 1,446 | 1,229 | 1,240 |
| A.6 | An Biúró um Shócmhainní Coiriúla | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 11,932 | | | |
| | | *Forlíontach* | (262) | | | |
| | | | | 11,670 | 12,391 | 10,784 |
| A.7 | An tSeirbhís Phromhaidh – tuarastail, pá agus liúntais | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 29,031 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,260 | | | |
| | | | | 30,291 | 29,589 | 26,432 |
| A.8 | An tSeirbhís Phromhaidh – speansais oibriúcháin | | | 4,325 | 5,141 | 4,983 |
| A.9 | An tSeirbhís Phromhaidh – seirbhísí do chiontóirí | | | 20,032 | 19,996 | 18,531 |
| A.10 | An Scéim Orduithe Seirbhíse Pobail | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 3,610 | | | |
| | | *Forlíontach* | 200 | | | |
| | | | | 3,810 | 2,852 | 2,731 |
| A.11 | Idirghabhálacha um Cheartas i leith an Aosa Óig | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 29,986 | | | |
| | | *Forlíontach* | 576 | | | |
| | | | | 30,562 | 30,322 | 24,068 |

| | | | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | Toradh | | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | | €000 |
| A.12 | Íospartaigh na coireachta, lena n-áirítear coireanna gnéasacha agus drochíde sa teaghlach | | | | | |
| | *Bunaidh* | 3,324 | | | | |
| | *Forlíontach* | 553 | | | | |
| | | | 3,877 | 3,698 | | 6,069 |
| A.13 | An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) | | 439 | 315 | | 293 |
| A.14 | Cúiteamh i leith díobhálacha pearsanta a rinneadh go coiriúil | | | | | |
| | *Bunaidh* | 5,016 | | | | |
| | *Forlíontach* | 5,000 | | | | |
| | | | 10,016 | 10,016 | | 7,527 |
| A.15 | Cúnamh dlíthiúil – coiriúil | | | | | |
| | *Bunaidh* | 82,000 | | | | |
| | *Forlíontach* | 7,537 | | | | |
| | | | 89,537 | 89,251 | | 89,205 |
| A.16 | Cúnamh dlíthiúil – saincheisteanna coimeádta | | | | | |
| | *Bunaidh* | 5,070 | | | | |
| | *Forlíontach* | 649 | | | | |
| | | | 5,719 | 6,630 | | 6,281 |
| A.17 | An Bord Parúil | | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,500 | | | | |
| | *Forlíontach* | (217) | | | | |
| | | | 2,283 | 2,332 | | 2,168 |
| A.18 | Bearta chun an choireacht a chosc | | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,697 | | | | |
| | *Forlíontach* | (170) | | | | |
| | | | 1,527 | 756 | | 1,290 |
| A.19 | An tÚdarás Slándála Príobháidí | | | | | |
| | *Bunaidh* | 4,640 | | | | |
| | *Forlíontach* | (101) | | | | |
| | | | 4,539 | 4,597 | | 4,280 |
| A.20 | Foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe – múscailt feasachta agus oiliúint | | 54,210 | 54,562 | | 6,183 |

| | | | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.21 | Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 26,037 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 1,400 | | | |
| | | *Forlíontach* | 200 | | | |
| | | | | 27,637 | 24,772 | 28,059 |
| A.22 | Oifig an Phaiteolaí Stáit | | | 1,672 | 1,671 | 1,767 |
| A.23 | Coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 4,359 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,000) | | | |
| | | | | 3,359 | 3,432 | 4,673 |
| A.24 | Beart míbhuntáiste shóisialta (arna mhaoiniú ó chuntais dhíomhaoine) | | | 7,000 | 6,074 | 9,441 |
| A.25 | Ciste Nuálaíochta Sábháilteachta Pobail | | | 3,750 | 3,170 | 2,864 |
| A.26 | An Ghníomhaireacht um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 4,839 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,622) | | | |
| | | | | 3,217 | 2,737 | 153 |
| A.27 | Aonad na hÉireann um Fhaisnéis faoi Phaisinéirí | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,822 | | | |
| | | *Forlíontach* | (600) | | | |
| | | | | 1,222 | 837 | 168 |
| A.28 | Comhlachtaí Achomhairc (Ceartas Coiriúil) | | | 10 | 5 | 10 |
| A.29 | Oifig an Scrúdaitheora Neamhspleách | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 760 | | | |
| | | *Forlíontach* | (375) | | | |
| | | | | 385 | 42 | — |
| A.30 | An Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,750 | | | |
| | | *Forlíontach* | (700) | | | |
| | | | | 2,050 | 766 | — |
| | | | | **409,301** | **404,013** | **337,470** |

**Difríochtaí suntasacha**

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachais chláir nár chaiteachais riaracháin iad (+/- 5% agus €100,000).

**A.3 Oifig an Chigire Príosún**

*Soláthar meastacháin €2.633 milliún; toradh €1.754 milliún*

Tháinig an choigilt €879,000 i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn go príomha mar gheall ar mhoilleanna ar bhaill foirne a earcú agus mar gheall ar an tionchar a bhí ag an moill sin ar an gclár oibre, lenar áiríodh an tionscadal a bhaineann le córas bainistíochta cásanna a fhorbairt.

**A.4 Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána**

*Soláthar meastacháin €19.596 milliún; toradh €17.603 milliún*

Baineann an choigilt €1.993 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh le costais phárolla, a d'eascair as moilleanna ar fholúntais foirne a líonadh. Bhí an próiseas earcaíochta níos moille ná mar a bhíothas ag coinne leis sa bhliain 2024.

**A.5 Cigireacht an Gharda Síochána**

*Soláthar meastacháin €1.446 milliún; toradh €1.229 milliún*

Tháinig an choigilt €217,000 i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn go príomha mar gheall ar an laghdú ar chostais reatha oifige agus ar chostais forbartha agus oiliúna foirne sa bhliain 2024.

**A.8 An tSeirbhís Phromhaidh – speansais oibriúcháin**

*Soláthar meastacháin €4.325 milliún; toradh €5.141 milliún*

Tháinig an caiteachas barrachais €816,000 i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn go príomha mar gheall ar an méadú ar chaiteachas ar an tseirbhís bhainistithe TFC, mar gheall ar an méadú ar chaiteachas taistil agus cothaithe de dheasca rátaí méadaithe, agus mar gheall ar an méadú ginearálta ar an gcostas a bhaineann le heastáit agus saoráidí a sholáthar.

**A.10 An Scéim Orduithe Seirbhíse Pobail**

*Soláthar meastacháin €3.610 milliún; toradh €2.852 milliún*

Ba le pá go príomha a bhain an choigilt €758,000 i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh, agus tháinig sé as folúntais laistigh den tSeirbhís Phromhaidh agus as moilleanna ina dhiaidh sin ar na poist sin a líonadh.

**A.12 Íospartaigh na coireachta, lena n-áirítear coireanna gnéasacha agus drochíde sa teaghlach**

*Soláthar meastacháin €3.324 milliún; toradh €3.698 milliún*

Tháinig an caiteachas barrachais €374,000 i gcomparáid leis an leithdháileadh buiséid bunaidh chun cinn mar gheall ar an méadú ar an maoiniú a d'iarr eagraíochtaí a thacaíonn le híospartaigh na coireachta. Bhí an maoiniú méadaithe a iarradh ag teastáil chun seirbhísí ríthábhachtacha a choinneáil ar bun i bhfianaise éilimh mhéadaitheacha ar shainseirbhísí tacaíochta.

**A.13 An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil)**

*Soláthar meastacháin €439,000; toradh €315,000*

Tháinig an choigilt €124,000 i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn mar gheall ar an ualach oibre sa bhliain 2024 a bheith níos lú ná mar a bhíothas ag coinne leis. Is féidir le campas an Phríomh-Ospidéil Meabhair-Ghalar freastal ar mhéadú ar líon na n-othar atá á gcoinneáil faoin Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006, arna leasú. Mar sin féin, níor baineadh leas iomlán as an acmhainn leapacha sin sa bhliain 2024 mar a bhíothas ag coinne leis. D'fhág sé sin go raibh tearc-chaitheamh ann i mbuiséad an Bhoird Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte.

**A.14 Cúiteamh i leith díobhálacha pearsanta a rinneadh go coiriúil**

*Soláthar meastacháin €5.016 milliún; toradh €10.016 milliún*

Tháinig an caiteachas barrachais €5 mhilliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn mar gheall ar dhá dhámhachtain mhóra dar luach iomlán €7.5 milliún a íoc le híospartaigh a d'fhulaing díobhálacha tromchúiseacha buana mar thoradh ar ionsaithe foréigneacha a rinneadh orthu. Áirithíodh soláthar forlíontach €5 mhilliún chun cabhrú leis an easnamh maoiniúcháin sin a réiteach. Caitheadh an leithdháileadh athbhreithnithe €10.016 milliún ina iomláine sa bhliain 2024.

**A.15 Cúnamh dlíthiúil – coiriúil**

*Soláthar meastacháin €82 mhilliún; toradh €89.251 milliún*

Tá an caiteachas barrachais €7.251 milliún i gcoibhneas leis an leithdháileadh bunaidh ina léiriú ar an éileamh méadaitheach. Faoin Acht um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Dlíthiúil), 1962, is iad na Cúirteanna atá freagrach as cúnamh dlíthiúil a dheonú. Bíonn sé deacair costas na Scéime um Chúnamh Dlíthiúil Coiriúil agus costas na scéimeanna eile *ad hoc* um chúnamh dlíthiúil a thuar toisc gur scéimeanna atá faoi thionchar an éilimh iad. Áirithíodh meastachán forlíontach €7.537 milliún chun an t-easnamh sin a réiteach. Tá an Roinn ag déanamh dlúthmhonatóireacht ar chaiteachas sa réimse seo. Leis an mBille nua um Chúnamh Dlíthiúil Coiriúil, déanfar an córas um chúnamh dlíthiúil a dheonú a thabhairt cothrom le dáta agus a neartú.

**A.16 Cúnamh dlíthiúil – saincheisteanna coimeádta**

*Soláthar meastacháin €5.07 milliún; toradh €6.63 milliún*

Tháinig an caiteachas barrachais €1.56 milliún i gcoibhneas leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn mar gheall ar an éileamh a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis. Mar scéim atá faoi stiúir an éilimh, bíonn sé deacair uainiú agus suim na gcostas a thuar go cruinn.

**A.17 An Bord Parúil**

*Soláthar meastacháin €2.5 milliún; toradh €2.332 milliún*

Tháinig an choigilt €168,000 i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn mar gheall ar an gcaitheamh ar sheirbhísí comhairleoireachta sa bhliain 2024 a bheith níos lú ná mar a bhíothas ag coinne leis.

**A.18 Bearta chun an choireacht a chosc**

*Soláthar meastacháin €1.697 milliún; toradh €756,000*

Tháinig an choigilt €941,000 i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn toisc nach ndeachaigh feachtas feasachta poiblí maidir le fuathchoireacht ar aghaidh mar a bhí beartaithe, ós rud é nár tosaíodh an tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Fuatha), 2024, go dtí an 31 Nollaig 2024.

**A.21 Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann**

*Soláthar meastacháin €26.037 milliún; toradh €24.772 milliún*

Tháinig an choigilt €1.265 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn go príomha mar gheall ar dhúshláin i ndáil le baill foirne nua a earcú. Bhí an caipiteal €1.4 milliún a tugadh anonn ón mbliain 2023 gan chaitheamh go fóill freisin, ar feitheamh éilimh conraitheoirí a bhí amuigh a réiteach.

**A.23 Coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta**

*Soláthar meastacháin €4.359 milliún; toradh €3.432 milliún*

Tháinig an choigilt €927,000 as roinnt tosca a bhain le costais phá agus neamhphá. Tháinig an choigilt ar an ngné pá as an laghdú ar an líon foirne sa bhliain 2024, agus tháinig an choigilt ar an ngné neamhphá go príomha as uainiú na gcostas dlí tríú páirtí sna Binsí agus as uainiú na gcostas dlí a thabhaigh an Stát agus é ag déileáil le hagóidí dlíthiúla chuig an Scéim Chúitimh i leith Díobhálacha Pearsanta. Bíonn sé deacair uainiú agus suim na gcostas sin a thuar go cruinn. Laghdaíodh an soláthar leithdháilte sa bhuiséad forlíontach faoi €1 mhilliún chun na coigiltí a rabhthas ag súil leo a léiriú.

**A.24 Beart míbhuntáiste shóisialta (arna mhaoiniú ó chuntais dhíomhaoine)**

*Soláthar meastacháin €7 milliún; toradh €6.074 milliún*

Tháinig an tearc-chaitheamh €926,000 i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh €7 milliún chun cinn mar gheall ar chaiteachas ar an mbeart ‘Conairí chun na Fostaíochta’ a bheith níos lú ná mar a tuaradh. Ní raibh aon chaiteachas eile ann ar na cláir a bhí beartaithe don bhliain 2024 toisc nár seoladh an Straitéis um Chonairí a Thógáil le Chéile 2025 – 2027 go mí na Samhna 2024.

**A.25 Ciste Nuálaíochta Sábháilteachta Pobail**

*Soláthar meastacháin €3.750 milliún; toradh €3.170 milliún*

Is féidir an choigilt €580,000 i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh a chur síos go príomha do shaincheisteanna uainithe a bhain le híocaíochtaí céime i leith tionscadal. Coinnítear an íocaíocht deiridh (20% den leithdháileadh iomlán) go dtí go mbaineann an tionscadal iomchuí na garspriocanna comhaontaithe amach.

**A.26 An Ghníomhaireacht um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe**

*Soláthar meastacháin €4.839 milliún; toradh €2.737 milliún*

Tháinig an choigilt €2.102 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn mar gheall ar bhaill foirne a thabhairt ar bord de réir a chéile le linn na bliana 2024. Bunaíodh Cuan le héifeacht ón 1 Eanáir 2024. Dá bhrí sin, tabhóidh an ghníomhaireacht caiteachas i réimsí eile de réir mar a fhorbraíonn sí a feidhmeanna agus a cumas i gcomhréir le ceanglais reachtacha. Laghdaíodh an soláthar bunaidh faoi €1.622 milliún sa mheastachán forlíontach chun an choigilt a rabhthas ag súil léi ina leith sin a léiriú.

### A.27 Aonad na hÉireann um Fhaisnéis faoi Phaisinéirí

*Soláthar meastacháin €1.822 milliún; toradh €837,000*

Tháinig an choigilt €985,000 i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn toisc nár leasaíodh Rialacháin na hÉireann um Thaifid Ainmneacha Paisinéirí sa bhliain 2024 chun éifeacht a thabhairt do cheanglais oibriúcháin áirithe. Mar thoradh ar na moilleanna ar na hathruithe reachtaíochta a dhéanamh, tháinig moill ar earcaíocht le linn na bliana 2024. Líonfar na folúntais foirne lena mbaineann sa bhliain 2025. Laghdaíodh an soláthar bunaidh faoi €600,000 sa mheastachán forlíontach.

### A.29 Oifig an Scrúdaitheora Neamhspleách

*Soláthar meastacháin €760,000; toradh €42,000*

Tháinig an choigilt €718,000 i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn mar gheall ar an moill ar an oifig seo a bhunú ar feitheamh thosach feidhme an Achta um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024. Laghdaíodh an soláthar bunaidh faoi €375,000 sa bhuiséad forlíontach chun an choigilt a rabhthas ag súil léi a léiriú.

### A.30 An Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail

*Soláthar meastacháin €2.750 milliún; toradh €766,000*

Tháinig an choigilt €1.984 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn mar gheall ar chur chun feidhme leanúnach an Achta um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024. Maidir leis na costais ghaolmhara agus leis an líon foirne don Oifig Náisiúnta um Shábháilteacht Pobail, agus maidir leis an maoiniú do chomhpháirtíochtaí sábháilteachta pobail áitiúil, níor tabhaíodh iad mar a bhíothas ag coinne leis. Níor tugadh aon mhaoiniú do chomhpháirtíochtaí sábháilteachta pobail áitiúil i níos mó ná 30 láthair sa bhliain 2024 toisc nár tosaíodh an tAcht le linn na bliana.

## Clár B An Colún Ceartais Shibhialta

| | | | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán – pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 74,739 | | | |
| | | *Forlíontach* | 5,360 | | | |
| | | | | 80,099 | 82,448 | 68,179 |
| B.2 | Riarachán – neamhphá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 50,268 | | | |
| | | *Forlíontach* | 12,045 | | | |
| | | | | 62,313 | 57,492 | 49,565 |
| B.3 | Údaráis lárnacha | | | 135 | 83 | 50 |
| B.4 | An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí | | | 1,001 | 1,000 | 1,000 |
| B.5 | An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 3,598 | | | |
| | | *Forlíontach* | (464) | | | |
| | | | | 3,134 | 3,561 | 3,401 |
| B.6 | Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 8,494 | | | |
| | | *Forlíontach* | (576) | | | |
| | | | | 7,918 | 7,739 | 7,451 |
| B.7 | An tÚdarás Rialála Cearrbhachais | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 4,091 | | | |
| | | *Forlíontach* | (995) | | | |
| | | | | 3,096 | 3,111 | 1,632 |
| B.8 | An Coimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 712 | | | |
| | | *Forlíontach* | (495) | | | |
| | | | | 217 | 361 | 79 |
| B.9 | Comhairle na mBreithiúna | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,795 | | | |
| | | *Forlíontach* | (996) | | | |
| | | | | 799 | 1,027 | 1,047 |
| B.10 | An tSeirbhís Cróinéara | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 8,268 | | | |
| | | *Forlíontach* | 26,200 | | | |
| | | | | 34,468 | 33,985 | 12,683 |
| B.11 | An Bord um Chúnamh Dlíthiúil | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 59,122 | | | |
| | | *Forlíontach* | (5,000) | | | |
| | | | | 54,122 | 55,067 | 54,065 |

| | | | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | Toradh | | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | | €000 |
| B.12 | Ionaid Chomhairle Dlí Saor in Aisce | | 444 | 444 | | 294 |
| B.13 | Cláir inimirce agus chosanta idirnáisiúnta | | | | | |
| | *Bunaidh* | 3,783 | | | | |
| | *Forlíontach* | (2,000) | | | | |
| | | | 1,783 | 4,102 | | 9,799 |
| B.14 | An Binse um Achomhairc i dtaobh Cosaint Idirnáisiúnta | | | | | |
| | *Bunaidh* | 9,228 | | | | |
| | *Forlíontach* | (3,472) | | | | |
| | | | 5,756 | 5,810 | | 3,805 |
| B.15 | Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann | | | | | |
| | *Bunaidh* | 738 | | | | |
| | *Forlíontach* | (127) | | | | |
| | | | 611 | 628 | | 583 |
| B.16 | Comhlachtaí achomhairc (ceartas sibhialta) | | 60 | 47 | | 58 |
| | | | **255,956** | **256,905** | | **213,691** |

**Difríochtaí suntasacha**

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i gcaiteachais chláir nár chaiteachais riaracháin iad (+/- 5% agus €100,000).

**B.6 Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann**

*Soláthar meastacháin €8.494 milliún; toradh €7.739 milliún*

Tháinig an choigilt €755,000 i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn mar gheall ar roinnt tosca, lenar áiríodh tearc-chaitheamh ar chostais foirne mar thoradh ar mhoilleanna leanúnacha ar fholúntais a líonadh, iarchur costas a bhain le roinnt míreanna, lenar áiríodh cleachtadh soláthair, agus athlonnú oifige. Bhí costais dlí níos ísle ná mar a bhíothas ag coinne leis ar dtús, agus chuir sé sin leis an difríocht fhoriomlán freisin.

**B.7 An tÚdarás Rialála Cearrbhachais**

*Soláthar meastacháin €4.091 milliún; toradh €3.111 milliún*

Tháinig an choigilt €980,000 i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn mar gheall ar choigilt shuntasach i gcostais phárolla mar thoradh ar an méadú ar an líon foirne a bheith níos ísle ná mar a bhíothas ag coinne leis. Cuireadh an choigilt sin san áireamh sa mheastachán forlíontach, agus an buiséad á laghdú faoi €995,000 dá bharr sin.

**B.8 An Coimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha**

*Soláthar meastacháin €712,000; toradh €361,000*

Tháinig an choigilt €351,000 i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn mar gheall ar an moill ar an gCoimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha a bhunú tar éis an reachtaíocht a tharchur chuig an gCúirt Uachtarach.

**B.9 Comhairle na mBreithiúna**

*Soláthar meastacháin €1.795 milliún; toradh €1.027 milliún*

Tháinig an choigilt €768,000 i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn mar gheall ar mhoilleanna ar bhaill foirne a earcú, rud a raibh tionchar aige ar phá agus ar an gcumas chun roinnt tionscadal a thosú agus chun seirbhísí áirithe a áirithiú. Ina theannta sin, a bhuí le nuálaíocht leanúnach, baineadh tuilleadh coigiltí amach trí roinnt feidhmeanna a chur i gcrích ar bhonn inmheánach (go háirithe oiliúint bhreithiúnach) gan aon ghá le conraitheoirí tríú páirtí a áirithiú, mar a bhíothas ag coinne leis ar dtús. Laghdaíodh an buiséad faoi €996,000 sa mheastachán forlíontach.

**B.10 An tSeirbhís Chróinéara**

*Soláthar meastacháin €8.268 milliún; toradh €33.985 milliún*

Baineann an caiteachas barrachais €25.717 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh le hionchoisní Stardust agus leis an scéim sásaimh a tháinig astu. Tugadh na hionchoisní féin i gcrích níos déanaí ná mar a bhíothas ag coinne leis, rud a mhéadaigh costais i leith saoráidí, táillí dí, etc. Ina theannta sin, tar éis na hionchoisní a thabhairt i gcrích, gheall an Rialtas scéim cúitimh a sheoladh do theaghlaigh íospartaigh Stardust. B'ionann costas an tsásaimh do na teaghlaigh agus €24 mhilliún, gan táillí dlí a áireamh. Ba le linn na bliana 2024 a rinneadh formhór na n-íocaíochtaí faoin scéim sásaimh. Ní dhearnadh i leithdháileadh Vóta 2024 aon soláthar don scéim sásaimh, ar feitheamh na hionchoisní a thabhairt i gcrích, agus ba sa mheastachán forlíontach a tugadh aghaidh ar an scéim. Níor tugadh éilimh dar luach iomlán €3.5 milliún i gcrích roimh dheireadh na bliana 2024. Ós rud é go raibh maolú ag an Roinn ó CGAS 19 sa bhliain 2024, níor aithníodh an soláthar sin sna cuntais.

**B.11 An Bord um Chúnamh Dlíthiúil**

*Soláthar meastacháin €59.122 milliún; toradh €55.067 milliún*

Tháinig an choigilt €4.055 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn mar gheall nár próiseáladh an íostarraingt deiridh sa bhliain 2024 toisc go raibh dóthain cistí ar láimh ag an mBord um Chúnamh Dlíthiúil.

**B.13 Cláir inimirce agus chosanta idirnáisiúnta**

*Soláthar meastacháin €3.783 milliún; toradh €4.102 milliún*

Is féidir an caiteachas barrachais €319,000 i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh a chur síos do na costais a bhain leis an ardlíon daoine a d'imigh ón Stát faoi shásraí éagsúla (i.e., filleadh éigeantach, filleadh deonach, etc.). D'imigh 1,116 dhuine ón Stát sa bhliain 2024 i gcomparáid le 317 nduine sa bhliain 2023, cothrom le méadú 252%. Táthar ag súil leis go leanfaidh an treocht aníos sin ar aghaidh sa bhliain 2025.

**B.14 An Binse um Achomhairc i dtaobh Cosaint Idirnáisiúnta**

*Soláthar meastacháin €9.228 milliún; toradh €5.810 milliún*

Tháinig an choigilt €3.418 milliún i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn mar gheall nár ceapadh de bhun comórtais earcaíochta a reáchtáladh sa bhliain 2024 an líon daoine de bhaill lánaimseartha nó pháirtaimseartha agus de thaighdeoirí dlí lánaimseartha nó páirtaimseartha a rabhthas ag súil leis. Ós rud é gur tháinig na hearcaigh nua isteach níos déanaí sa bhliain, bhí leibhéal na dtáillí ball a íocadh níos ísle ná mar a bhíothas ag coinne leis. Laghdaíodh an fo-mhírcheann seo faoi €3.472 milliún sa bhuiséad forlíontach chun an choigilt a rabhthas ag súil léi a léiriú.

**B.15 Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann**

*Soláthar meastacháin €738,000; toradh €628,000*

Tháinig an choigilt €110,000 i gcomparáid leis an leithdháileadh bunaidh chun cinn go príomha mar gheall ar uainiú na sonrasc a fuarthas ó Choimisiún na Meán i ndáil le costais a bhain le baill foirne ar iasacht.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar meastacháin | Réadaithe | Réadaithe |
| | | | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Táillí aicmithe scannán | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 800 | | | |
| | | *Forlíontach* | (54) | | | |
| | | | | 746 | 853 | 806 |
| 2 | Fáltais ón Aontas Eorpach | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1 | | | |
| | | *Forlíontach* | 14,000 | | | |
| | | | | 14,001 | 14,338 | — |
| 3 | Táillí i ndáil le clárú inimirce | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 53,401 | | | |
| | | *Forlíontach* | 14,308 | | | |
| | | | | 67,709 | 78,488 | 77,225 |
| 4 | Táillí i ndáil le víosaí | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 7,600 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,220 | | | |
| | | | | 8,820 | 10,595 | 11,544 |
| 5 | Fáltais ó chuntais dhíomhaoine | | | 7,000 | 6,087 | 9,202 |
| 6 | Táillí i ndáil leis an Údarás Slándála Príobháidí | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,564 | | | |
| | | *Forlíontach* | 370 | | | |
| | | | | 2,934 | 3,184 | 3,287 |
| 7 | Táillí i ndáil le deimhnithe náisiúntachta agus saoránachta | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 13,500 | | | |
| | | *Forlíontach* | 13,482 | | | |
| | | | | 26,982 | 31,327 | 18,445 |
| 8 | Tobhach an Údaráis Rialála Seirbhísí Dlí ar chomhlachtaí gairmiúla | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,500 | | | |
| | | *Forlíontach* | (167) | | | |
| | | | | 1,333 | 1,000 | 1,200 |

| | | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | Réadaithe | Réadaithe |
| | | | €000 | €000 | €000 |
| 9 | Táillí i ndáil leis an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,250 | | | |
| | *Forlíontach* | (1,023) | | | |
| | | | 1,227 | 2,350 | 2,290 |
| 10 | Táillí i ndáil le Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann | | | | |
| | *Bunaidh* | 1 | | | |
| | *Forlíontach* | 19 | | | |
| | | | 20 | 20 | 151 |
| 11 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí | | | | |
| | *Bunaidh* | 4,506 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,452 | | | |
| | | | 5,958 | 5,928 | 5,250 |
| 12 | Fáltais ilghnéitheacha | | | | |
| | *Bunaidh* | 673 | | | |
| | *Forlíontach* | 393 | | | |
| | | | 1,066 | 856 | 513 |
| | | | **137,796** | **155,026** | **129,913** |

**Difríochtaí suntasacha**

Seo a leanas na cúiseanna a bhí le difríochtaí suntasacha i leithreasaí-i-gcabhair (+/-5% agus €100,000).

**2 Fáltais ón Aontas Eorpach**

*Soláthar meastacháin €1,000; réadaithe €14.338 milliún*

Tháinig barrachas €14.337 milliún i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bunaidh chun cinn toisc gur tharla sé sa bhliain 2024 go ndearnadh éileamh chuig Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) a chur isteach agus a íoc níos luaithe ná mar a bhíothas ag coinne leis.

**3 Táillí i ndáil le clárú inimirce**

*Soláthar meastacháin €53.401 milliún; réadaithe €78.488 milliún*

Tháinig barrachas €25.087 milliún i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bunaidh chun cinn toisc go ndearnadh iarratais ar chlárú a athnuachan a aistriú ó oifigí áitiúla inimirce an Gharda Síochána chuig ardán ar líne Sheachadadh Seirbhíse Inimirce na Roinne. Tharla an t-aistriú sin ina chéimeanna i rith na bliana. Faightear táillí roimh ré tríd an ardán ar líne, rud a fhágann go dtagann méadú ar ioncam nuair a thagann méadú ar an líon iarratas.

**4 Táillí i ndáil le víosaí**

*Soláthar meastacháin €7.6 milliún; réadaithe €10.595 milliún*

Is féidir an barrachas €2.995 milliún le haghaidh táillí i ndáil le hiarratais ar víosaí a chur síos do mhéadú suntasach ar líon na n-iarratas sa bhliain 2024. Rinneadh 201,000 iarratas san iomlán, cothrom le méadú 21% ar an bhfigiúr don bhliain 2023. Ceann amháin de na príomhthosca a bhí taobh thiar den mhéadú sin ba ea ceanglas víosa a thabhairt isteach don Afraic Theas agus don Bhotsuáin i mí Iúil 2024.

**5 Fáltais ó chuntais dhíomhaoine**

*Soláthar meastacháin €7 milliún; réadaithe €6.087 milliún*

Is féidir an t-easnamh €913,000 a chur síos don bheart 'Conairí chun na Fostaíochta'. Níor thabhaigh an beart sin aon chaiteachas faoi Chiste na gCuntas Díomhaoin mar a bhíothas ag súil leis ar dtús. Seoladh an *Straitéis um Chonairí a Thógáil le Chéile 2025 – 2027* i mí na Samhna 2024, agus ní rabhthas in ann roinnt clár a chur ar aghaidh sa bhliain 2024.

**6 Táillí i ndáil leis an Údarás Slándála Príobháidí**

*Soláthar meastacháin €2.564 milliún; réadaithe €3.184 milliún*

Tháinig barrachas €620,000 i gcomparáid leis an soláthar meastacháin chun cinn go príomha mar gheall ar an méadú ar tháillí ar fud fhormhór na n-earnálacha de bharr éileamh láidir ar sheirbhísí slándála ar fud an gheilleagair.

**7 Táillí i ndáil le deimhnithe náisiúntachta agus saoránachta**

*Soláthar meastacháin €13.5 milliún; réadaithe €31.327 milliún*

Bhain barrachas €17.827 milliún i gcomparáid leis an meastachán bunaidh go príomha le méadú ar an líon eadóirseachtaí a rinneadh sa bhliain 2024. Is féidir an méadú sin a chur síos do chuíchóiriú suntasach a rinneadh ar an gcóras próiseála iarratais.

**8 Tobhach an Údaráis Rialála Seirbhísí Dlí ar chomhlachtaí gairmiúla**

*Soláthar meastacháin €1.5 milliún; réadaithe €1 mhilliún*

Tá easnamh €500,000 ann i bhfáltais i gcomparáid leis an meastachán bunaidh toisc go bhfuiltear ag súil leis go bhforchúiteofar sciar de na réamhíocaíochtaí stairiúla atá dlite don Roinn ón Údarás Rialála Seirbhísí Dlí. Comhaontaíodh i mí an Mheithimh 2024, áfach, nach bhforchúiteofaí aon réamhíocaíochtaí an bhliain sin i leith na suime a bhí amuigh. Rinneadh an cinneadh sin chun tréimhse leabaithe isteach a éascú don tsamhail nua tobhach táillí agus mar gheall ar an méadú substaintiúil ar an tobhach a bhí iníoctha cheana féin ag an earnáil don bhliain sin.

**11 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Soláthar meastacháin €4.506 milliún; réadaithe €5.928 milliún*

Bhain barrachas €1.422 milliún i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bunaidh go príomha leis an méadú ar chostais tuarastail de bharr an líon foirne a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag coinne leis.

**12 Fáltais ilghnéitheacha**

*Soláthar meastacháin €673,000; réadaithe €856,000*

Tháinig barrachas €183,000 i gcomparáid leis an soláthar meastacháin bunaidh chun cinn go príomha mar gheall ar íocaíochtaí sochair breoiteachta ón Roinn Coimirce Sóisialaí a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis.

## 4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | 37 | 37 |
| Bailithe | 7 | 37 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (37) | (37) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **7** | **37** |

## Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhfostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| Roinn | 2,360 | 1,860 |
| Gníomhaireachtaí | 1,837 | 1,682 |
| | **4,197** | **3,542** |

### 5.2 Pá

| Luach saothair fhoireann na Roinne | 2024 €000 | 2023 €000 |
|---|---|---|
| Pá | 103,380 | 88,017 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 351 | 423 |
| Liúntais eile | 4,917 | 4,676 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 3,042 | 2,333 |
| ÁSPC an fhostóra | 10,577 | 8,460 |
| **Pá iomlán** [a] | **122,267** | **103,909** |

Nóta [a] Déantar figiúr an phá iomláin a dháileadh ar fud fho-mhírchinn A.1, A.23 agus B.1.

| Luach Saothair foirne Gníomhaireachta | 2024 €000 | 2023 €000 |
|---|---|---|
| Pá | 111,881 | 99,800 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 129 | 220 |
| Liúntais eile | 3,213 | 3,258 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 2,107 | 1,883 |
| ÁSPC an fhostóra | 8,232 | 6,944 |
| **Pá iomlán** [a] | **125,562** | **112,105** |

Nóta [a] A.3, A.4, A.5, A.6, A.7, A.10, A.17, A.19, A.21, A.22, A.27, A.28, A.29, A.30, B.4, B.5, B.6, B.7, B.8, B.9, B.10, B.11, B.13, B.14, B.15, agus B.16.

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2024 | 2023 |
| | | | € | € |
| **Foireann na Roinne** | | | | |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 84 | 9 | 23,456 | 37,446 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 709 | 85 | 46,850 | 39,833 |
| Liúntais uainoibre agus uainchláir | 281 | 148 | 25,702 | 23,896 |
| Liúntais seirbhísí coigríche | 6 | 4 | 56,188 | 80,863 |
| Ilghnéitheach | 274 | 8 | 49,995 | 26,664 |
| Luach Saothair Breise i níos mó ná catagóir amháin | 293 | 218 | 58,809 | 47,566 |
| **Foireann Gníomhaireachta** | | | | |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 25 | 4 | 25,523 | 31,060 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 130 | 8 | 18,592 | 37,039 |
| Ilghnéitheach | 284 | 82 | 16,694 | 34,576 |
| Luach Saothair Breise i níos mó ná catagóir amháin | 38 | 12 | 22,147 | 36,235 |

## 5.4 Bandaí pá fhostaithe na Roinne

Tá líon na bhfostaithe de chuid na Roinne a raibh a sochair iomlána fostaithe (lena n-áirítear bunphá, liúntais agus ragobair, gan ÁSPC an fhostóra agus costais phinsin an fhostóra a áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus a tháinig faoi gach banda €10,000 ó €60,000 ar aghaidh mar a leanas.

| Bandaí pá (€) | | Líon fostaithe | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go** | **2024** | **2023** |
| 20,000 | 59,999 | 2,509 | 2,266 |
| 60,000 | 69,999 | 402 | 332 |
| 70,000 | 79,999 | 340 | 295 |
| 80,000 | 89,999 | 231 | 172 |
| 90,000 | 99,999 | 142 | 117 |
| 100,000 | 109,999 | 81 | 35 |
| 110,000 | 119,999 | 43 | 53 |
| 120,000 | 129,999 | 33 | 13 |
| 130,000 | 139,999 | 8 | 3 |
| 140,000 | 149,999 | 6 | 6 |
| 150,000 | 159,999 | 1 | 5 |
| 160,000 | 169,999 | 6 | 6 |
| 170,000 | 179,999 | 3 | 6 |
| 180,000 | 189,999 | 7 | 2 |
| 190,000 | 199,999 | 2 | 1 |
| 200,000 | 209,999 | 1 | 1 |
| 210,000 | 219,999 | 2 | 1 |
| 220,000 | 229,999 | — | 1 |
| 230,000 | 239,999 | 1 | 1 |
| 240,000 | 249,999 | — | — |
| 250,000 | 259,999 | 1 | 1 |
| 260,000 | 269,999 | 1 | — |

## 5.5 Luach saothair agus sochair inchánach an Oifigigh Cuntasaíochta

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Olltuarastal | 238 | 227 |
| | **238** | **227** |

Níl luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse ar áireamh san fhigiúr thuas. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina comhalta den scéim aoisliúntais réamh-1995 do státseirbhísigh bhunaithe agus ní théann a teidlíochtaí chun sochair scoir thar théarmaí caighdeánacha na scéime sin.

## 5.6 Socruithe eile maidir le luach saothair

Íocadh €407,557 san iomlán le 37 státseirbhíseach ar scor a bhí ag fáil pinsean státseirbhíse sa bhliain 2024. Chomh maith leis sin, íocadh €483,042 le 26 iarsheirbhíseach phoiblí agus €41,304 le triúr iarchomhaltaí de na breithiúna a bhí fostaithe i róil éagsúla sa bhliain 2024.

Íocadh €7,340,924 san iomlán trí phárolla le 301 duine aonair i leith dualgais a comhlíonadh ar bhoird, coistí, coimisiúin agus painéil éagsúla, etc.

Áirítear leis an gcuntas seo caiteachas €1,158,922 i dtaca le cúig oifigeach déag a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2024 ar fad nó ar feadh cuid di agus ar íoc an Roinn a dtuarastail.

Ní áirítear leis an gcuntas seo caiteachas i dtaca le cúig oifigeach déag a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2024 ar fad nó ar feadh cuid di i Ranna/Oifigí eile Rialtais agus nár fhorchúitigh an Roinn a dtuarastail.

## 5.7 Scaoilíocaíochtaí

Rinneadh dhá scaoilíocaíocht dar luach iomlán €43,580 le baill foirne le linn na bliana 2024.

## 5.8 Ró-íocaíochtaí párolla

| ag an 31 Nollaig | Líon na bhfaighteoirí | 2024 € | 2023 € |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí [a] | 440 | 826,917 | 623,987 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 127 | 437,608 | 333,212 |

Nóta [a] Níor aistríodh aon ró-íocaíochtaí chuig Ranna eile sa bhliain 2024

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Coistí, coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta

| | Bliain an cheapacháin | Caiteachas carnach go dtí deireadh na bliana 2024 | 2024 €000 | 2023 €000 |
|---|---|---|---|---|
| **Coimisiúin bhuana** | | | | |
| An Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla [a] | 1974 | n/b | 997 | 361 |
| **Coimisiúin chuspóra shocraithe** | | | | |
| Binse Morris [b] | 2002 | 68,793 | 3 | 5 |
| Suíomh Taisí Íospartach [c] | 2007 | 9,200 | 329 | 537 |
| An Sásra Athbhreithnithe Neamhspleách agus cúig fhiosrúchán a bunaíodh sa bhliain 2017 faoi alt 42 d'Acht an Gharda Síochána, 2005 [d] | 2014 | 2,395 | 16 | 140 |
| An Binse um Nochtaí Cosanta [e] | 2017 | 26,711 | 1,334 | 2,828 |
| An Coimisiún Neamhspleách um Thuairisciú [f] | 2017 | 207 | 26 | 26 |
| Coimisiún Imscrúdúcháin an Oirdheiscirt [g] | 2018 | 4,241 | 727 | 773 |
| Shane O'Farrell – athbhreithniú scóipe ar na himthosca a bhí taobh thiar dá bhás [h] | 2019 | 513 | — | 3 |
| | | **112,060** | **3,432** | **4,673** |

Nóta

a Leantar le costais a thabhú i ndáil leis an mBinse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla toisc go bhfuil obair an Bhinse fós ar siúl, agus faightear líon suntasach iarratas nua faoin Scéim Chúitimh i leith Díobhálacha Pearsanta gach bliain. Mar shampla, fuarthas 229 n-iarratas nua san iomlán faoin Scéim sa bhliain 2024.

Baineann na costais sa bhliain 2024 leis na costais oibriúcháin a ghabhann leis an Scéim a reáchtáil. Is é a bhíonn i gceist leis na costais sin de ghnáth ná míreanna amhail na táillí caighdeánacha a íoctar leis na comhaltaí den Bhinse agus aon chostais taistil agus chothaithe a thabhaíonn siad, mar aon leis na costais a bhaineann le saintuarascálacha (amhail tuarascálacha liachta agus achtúireacha) a fháil chun cabhrú leis an mBinse measúnú a dhéanamh ar éilimh. I measc na gcostas eile a thabhaítear tá na costais oiliúna agus na costais dlí a thabhaíonn an Stát agus é ag déileáil le hagóidí dlíthiúla chuig an Scéim, mar aon leis na gnáthchostais laethúla eile a eascraíonn as an Scéim a riar.

b Bunaíodh Binse Morris sa bhliain 2002, agus d'fhoilsigh sé an tuarascáil deiridh uaidh sa bhliain 2008. Is ionann costas an Bhinse go dtí seo agus beagnach €68.8 milliún, agus caitheadh tuairim is €3,000 ar mhionchostais riaracháin ina leith sa bhliain 2024.

c Tá obair an Choimisiúin Neamhspleách um Shuíomh Taisí Íospartach fós ar siúl, agus tá taisí ceathrar íospartach fós le haimsiú. Is féidir le costais shubstaintiúla teacht chun cinn i ndáil le tochailtí chun taisí a aimsiú i gcás gur féidir láithreáin a shainaithint. Tá gníomhaíocht agus costais ghaolmhara an Choimisiúin ag brath go mór ar an bhfaisnéis atá ar fáil dó maidir leis na híospartaigh a bhfuil sé ag iarraidh a dtaisí a aimsiú. Tabhaíodh caiteachas ab fhiú thart ar €329,000 sa bhliain 2024. Caitheadh beagnach dhá chúigiú de sin ar chostais riaracháin leanúnacha (lena n-áirítear íocaíochtaí leis na himscrúdaitheoirí), agus ba le cuardaigh a bhain an chuid eile de. Fágann sé sin gur caitheadh beagán os cionn €9.2 milliún san iomlán go dtí seo, agus táthar ag coinne le tuilleadh íocaíochtaí.

d Ag teacht sna sála ar obair an tSásra Athbhreithnithe Neamhspleách, bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt cúig fhiosrúchán faoi alt 42 d'Acht an Gharda Síochána, 2005, sa bhliain 2017 chun cúig imscrúdú ar leith de chuid an Gharda Síochána a fhiosrú. Tá cóiríocht agus tacaíocht riaracháin á gcomhroinnt idir na cúig fhiosrúchán ó bunaíodh iad. Cuireadh dhá cheann de na fiosrúcháin sin i gcrích i mí Aibreáin 2018, cuireadh ceann amháin díobh i gcrích i mí Dheireadh Fómhair 2020, cuireadh ceann amháin díobh i gcrích i mí Dheireadh Fómhair 2021, agus cuireadh an ceann deiridh i gcrích i mí Iúil 2023. Tabhaíodh caiteachas €16,000, nó mar sin, sa bhliain 2024, agus é ag baint go príomha le costais dlí tríú páirtí.

e Bunaíodh an Binse um Nochtaí Cosanta i mí Feabhra 2017, agus bhí an Breitheamh Onórach Peter Charleton, breitheamh den Chúirt Uachtarach, ina chomhalta aonair de. Bunaíodh an Binse tar éis don Bhreitheamh Onórach Iarfhlaith O'Neill athbhreithniú a dhéanamh ar dhá nochtadh chosanta a rinneadh leis an Tánaiste ag an am inar líomhnaíodh go raibh feachtas ar bun ag an leibhéal is airde sa Gharda Síochána chun míchlú a tharraingt ar an Sáirsint Maurice McCabe, an sceithire a líomhain go raibh éagóiritheoireacht ar siúl sa Gharda Síochána. Leag an Breitheamh Charleton an tríú tuarascáil eatramhach uaidh faoi bhráid na Dála i mí Dheireadh Fómhair 2018.

I mí na Nollag 2018, chuaigh an Breitheamh Onórach Seán Ryan i mbun a cheapacháin chun an fiosrúchán a dhéanamh ar na téarmaí tagartha a bhí fágtha amhail dá bhforáiltear san ionstraim lenar bunaíodh an Binse. Thug an Breitheamh Onórach Ryan an ceathrú tuarascáil eatramhach maidir leis an nGarda Nicholas Keogh i gcrích i mí Iúil 2021. Ba i mí an Mhárta agus i mí Aibreáin 2023 a foilsíodh an cúigiú tuarascáil eatramhach agus an séú tuarascáil, arbh í an tuarascáil deiridh í, ón mBinse maidir leis an Sáirsint Paul Barry agus an Sáirsint William Hughes faoi seach, agus an bheirt díobh ar scor.

Tabhaíodh caiteachas €1.334 milliún, nó mar sin, i leith costais dlí tríú páirtí i ndáil leis an modúl seo sa bhliain 2024.

f Bunaíodh an Coimisiún Neamhspleách um Thuairisciú sa bhliain 2017 faoin gComhaontú um Thús Nua. Is comhlacht trasteorann é atá comhdhéanta de cheathrar comhaltaí. Gabhann an Coimisiún do chomhairliúcháin fhadréimseacha chun tuairisc a thabhairt gach bliain ar an dul chun cinn atá á dhéanamh i dTuaisceart Éireann ar chun cur chun feidhme a dhéanamh ar na tionscnaimh chomhaontaithe a bhfuil mar aidhm leo gach cineál paraimíleatachais a chomhrac. Leagadh an seachtú tuarascáil ón gCoimisiún Neamhspleách um Thuairisciú faoi bhráid Rialtas na hÉireann agus Rialtas na Ríochta Aontaithe i mí Feabhra 2025. Tabhaíodh caiteachas €26,000, nó mar sin, ar chostais riaracháin sa bhliain 2024. Tá an figiúr sin ag teacht leis na leibhéil chaiteachais a bhí ann i mblianta roimhe sin. Táthar ag coinne le tuilleadh íocaíochtaí.

g Bunaíodh Coimisiún Imscrúdúcháin an Oirdheiscirt (ar ar tugadh Coimisiún Hickson ar dtús agus ar ar tugadh Coimisiún White ina dhiaidh sin) i mí na Samhna 2018 mar fhreagairt do ghearáin agus líomhaintí a rinneadh in aghaidh Bill Kenneally maidir le mí-úsáid ghnéasach leanaí agus nithe gaolmhara. Bhí sé de dhualgas ar an gCoimisiún a fhiosrú cén t-eolas, dá mba ann, a bhí ag roinnt eagraíochtaí, lena n-áirítear an Garda Síochána, Deoise Chaitliceach Rómhánach Phort Láirge, Bord Sláinte an Oirdheiscirt, Cumann Cispheile na hÉireann agus pearsana polaitíochta áirithe sa tréimhse ama iomchuí ar na cionta a rinne Bill Kenneally. Cé go rabhthas ag súil leis ar dtús go mbeadh an Coimisiún ar siúl ar feadh bliana ar neaschostas €1.3 milliún, ba mhó an obair ullmhúcháin tosaigh a bhí i gceist ná mar a measadh.

Cuireadh tús le héisteachtaí sa bhliain 2019, ach cuireadh ar fionraí iad go dtí go rachfaí i gcomhairle leis na páirtithe. D'éirigh an Breitheamh Onórach Barry Hickson as a ról sa Choimisiún le héifeacht ón 30 Meitheamh 2021, agus tháinig an Breitheamh Onórach Michael White isteach ina áit. Chuir an Breitheamh Onórach White an t-eolas cuimsitheach is déanaí ar fáil don Aire i mí an Mheithimh 2024, inar leagadh amach an dul chun cinn a rinne an Coimisiún tar éis trialacha coiriúla gaolmhara a chríochnú i mí na Bealtaine 2023. Tabhaíodh caiteachas €727,000, nó mar sin, i ndáil leis an modúl seo sa bhliain 2024, agus é ag baint le costais foirne, riarachán agus costais dlí.

[h] I mí Eanáir 2019, cheap an tAire Dlí agus Cirt ag an am Gerard Haughton, Breitheamh ar scor den Chúirt Dúiche, chun tabhairt faoi chleachtadh scóipe ar roinnt nithe a bhain leis na himthosca a bhí taobh thiar de bhás Shane O'Farrell. Chuir an Breitheamh Haughton an tuarascáil uaidh faoi bhráid an Aire an 1 Meitheamh 2022. Foilsíodh an tuarascáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne an 3 Iúil 2023, agus leagadh faoi bhráid an dá Theach den Oireachtas í. Níor tabhaíodh aon speansais sa bhliain 2024.

## 6.2 Íocaíochtaí ex-gratia

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia arbh fhiú €76,436 (2023: €49,740) iad i leith na Scéime neamhreachtúla um Chúnamh Dlíthiúil do bhearta de chineál an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla. Tá feidhm ag an scéim sin maidir le daoine ar freagróirí agus/nó cosantóirí iad in aon imeachtaí cúirte a thabharfaidh an Biúró um Shócmhainní Coiriúla, nó a thabharfar ina ainm, lena n-áirítear imeachtaí faoin Acht um Fháltais ó Choireacht, 1996, na *Revenue Acts* agus na hAchtanna Leasa Shóisialaigh agus iarratais a dhéanfaidh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí faoi alt 39 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1994.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia arbh fhiú €1,332,857 (2023: €1,439,567) iad i leith na Scéime neamhreachtúla um Chomhairle Cúnaimh Dhlíthiúil i Stáisiúin na nGardaí. Foráiltear leis an scéim sin go n-íocfaidh an Stát as comhairliúcháin le haturnaetha i gcás go gcoimeádfar duine i stáisiún na nGardaí chun imscrúdú a dhéanamh ar chion agus go mbeidh teidlíocht dlí aige/aici dul i gcomhairle le haturnae ach nach acmhainn dó/di íoc as sin.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia arbh fhiú €102,902 (2023: €9,441) iad i leith sé chás eile a bhain le himeachtaí dlí eile.

## 6.3 Ciste na dTionscnamh Drugaí

Fuarthas suim €371,288 (2023: €379,834) ó Chiste na dTionscnamh Drugaí, agus is trí chuntas fionraí a thugtar cuntas uirthi. Soláthraítear an maoiniú faoin Straitéis Náisiúnta Drugaí 2009 – 2016, agus baineann sé le roinnt tionscadal atá faoi úinéireacht Tascfhórsaí Áitiúla Drugaí, ar tionscadail iad a fhaigheann tacaíocht ón tSeirbhís Phromhaidh.

## 6.4 Costais chúitimh agus dlí

**Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Roinn nó an Oifig sa bhliain**

| | Éilimh a rinne | | Iomlán | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **Fostaithe** | **Daoine den phobal** | **2024** | **2023** |
| Líon na gcásanna | 5 | 403 | 408 | 370 |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costais dlí na Roinne féin | 46 | 500 | 546 | 995 |
| Íocaíochtaí a rinne an Roinn nó an Oifig/a rinneadh thar a ceann | | | | |
| Cúiteamh | — | 237 | 237 | 63 |
| Costais dlí | — | 11,285 | 11,285 | 9,558 |
| Costais eile | — | 42 | 42 | 2 |
| **Iomlán 2024** [b] | **46** | **12,064** | **12,110** [a] | **10,618** |
| Iomlán 2023 | 8 | 10,610 | 10,618 | |

Nóta

[a] Is le réimsí Inimirce na Roinne a bhaineann €10.58 milliún (87.4%) den tsuim iomlán €12.110 milliún. Tabhaíodh na costais dlí eile ar fud roinnt réimsí eile de chuid na Roinne, lenar áiríodh an Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla, Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána, an tSeirbhís Chróinéara, agus Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann.

[b] Meastar go raibh 1,662 chás fós amuigh ag an 31 Nollaig 2024. Is é 1,308 gcás an figiúr comparáideach don bhliain 2023.

[c] Déantar costais a aisíoc leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát ar shonraisc thréimhsiúla a fháil, agus déantar aon chostais a bhaineann le cásanna a réitíodh gar do dheireadh na bliana roimhe a aisíoc ar shonraisc a fháil sa bhliain airgeadais nua. Níl fáil éasca ann ar mhionsonraí faoi aon chostais a bhí fós le híoc ag deireadh na bliana.

| **Costais charnacha na gcásanna a cuireadh i gcrích sa bhliain 2024** | | | |
|---|---|---|---|
| | **Éilimh a rinne** | | **Iomlán** |
| | **Fostaithe** | **Daoine den phobal** | |
| Líon na gcásanna | 4 | 363 | 367 |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costais dlí na Roinne féin | 27 | 687 | 714 |
| Íocaíochtaí a rinne an Roinn nó an Oifig/a rinneadh thar a ceann | | | |
| Cúiteamh | 125 | 28 | 153 |
| Costais dlí | — | 10,919 | 10,919 |
| Costais eile | 11 | 45 | 56 |
| **Iomlán** | **163** | **11,679** | **11,842** [a] |

Nóta [a] De ghnáth, is ag am agus i mbliain na socraíochta a thabhaítear an costas iomlán. Tarlaíonn sé sin go háirithe i gcás cásanna inimirce, a bhíonn freagrach as an gcuid is mó den chaiteachas sa réimse seo.

## 6.5 Ús i leith íoc pras cuntas

Ba é €22,256 (2023: €15,672) suim an úis a thabhaigh an Roinn i leith íoc pras sa bhliain 2024.

## 6.6 Maoiniú ón Aontas Eorpach [a]

Áirítear leis na torthaí atá léirithe i leithreasaí-i-gcabhair i bhfo-mhírcheann 2 íocaíochtaí i leith gníomhaíochtaí a gcómhaoiníonn an tAontas Eorpach iad. Ba mar a leanas a bhí na meastacháin ar fháltais agus na torthaí iarbhír.

| **Cur síos ar an bhfo-mhírcheann** | | **2024** | **2023** |
|---|---|---|---|
| | **Meastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| CSE - An Clár um Infhostaitheacht, Cuimsiú agus Foghlaim (CICF) 2014 – 2020 (CSE) | 1 | 14,338 | 1 |

Nóta [a] Is é Ciste Sóisialta na hEorpa an phríomhuirlis atá ag an Aontas Eorpach (AE) le haghaidh infheistiú i ndaoine. Cuireadh tús le clár nua CSE ar a dtugtar CSE+ 2021-2027.

## 6.7 Díscríobh

| | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Díscríobh drochfhiach i leith Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann | 58 | — |
| | **58** | **—** |